



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2021
(OR. en, pl)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0230(COD)

7586/21
ADD 1

CODEC 493
JEUN 30
EDUC 112
EMPL 125
SOC 180
SPORT 16
COHAFA 21
PROCIV 36
COMPET 231
ECOFIN 316
CADREFIN 164

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (an chéad léamh) - Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle = Ráitis

Ráiteas ón Ungáir

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú a córas náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, tá an Ungáir ag déanamh léiriú ar choincheap na hinscne i dtéacs an Rialacháin mar thagairt do ghnéas.

Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, sna leaganacha ina bhfuil an téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn iad a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le Airteagal 8 CFAE.

Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach

Tugann an Coimisiún Eorpach dá aird an togra ó Pharlaimint na hEorpa machnamh a dhéanamh ar 'líon na ngníomhaithe áitiúla a chuireann i bhfeidhm an t-eolas, na prionsabail agus na bealaí cuir chuige a foghlaimíodh trí na gníomhaíochtaí daonnúla ina raibh an saorálaí agus na saineolaithe páirteach' nuair a fhorlíonann sé an Rialachán le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.